Ardchaighdeán acadúil

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chumas dhéagóirí na hÉireann in ábhair scoile áirithe. An féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar na míre?



Ceist 2 An dtuigeann tú na focail thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír?

ábalta	os cionn an mheáin
An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta	
curtha i dtoll a chéile	faoi mhíbhuntáiste
cúlraí inimirceacha	ardchumas
deacrachtaí foghlama	
áiseanna teicneolaíochta	taighdeoirí

Tabhair buille faoi thuairim arís faoi ábhar na míre agus na focail thuas ar eolas agat anois.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den chéad uair. An raibh an ceart agat faoi ábhar na míre? Cad a bhí difriúil?

Ceist 4 Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad iad na hábhair scoile a bhfuil ardchumas ag déagóirí na hÉireann iontu?
2. Cad iad na tíortha atá níos fearr ná Éire ó thaobh na léitheoireachta de?
3. Cad a bhí le rá ag Harold Hislop faoin scéal?

4. Cén fáth nach raibh príomhoidí na hÉireann sásta mar sin féin, de réir Moira Leydon?
5. Cé mhéad dalta agus cé mhéad meánscoil a ghlac páirt sa staidéar?
6. Cé mhéad dalta a roghnaigh an measúnú a dhéanamh trí mheán na Gaeilge?

Ceist 5 '…againne…'

A. Cén téarma gramadaí a thugtar ar an sampla thuas?

B. Cad faoi na cinn seo anois?

agam	_____	orm	_____
agat	_____	ort	_____
aige	_____	air	_____
aici	_____	uirthi	_____
againn	_____	orainn	_____
agaibh	_____	oraibh	_____
acu	_____	orthu	_____

C. Cuir na focail a bhreac tú síos in abairtí chun a n-úsáid cheart a léiriú. Ní gá na habairtí a scríobh; is leor iad a rá amach os ard leis an duine in aice leat.

Ceist 6 Tháinig figiúirí eile aníos sa tuarascáil nár pléadh sa mhír. Pléigh na figiúirí eile seo leis na daoine i do ghrúpa:

Ní dúirt ach 61% de dhéagóirí na hÉireann go raibh siad sásta lena saol. Dúirt 67% de bhuachaillí go raibh siad sásta, ach ní dúirt ach 55.5% de chailíní go raibh siad sásta lena saol.

Cén fáth a bhfuil sé sin amhlaidh, dar libh?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

ábalta – *capable, able*
os cionn an mheáin – *above the average*
An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta – *OECD (Organization for Economic Cooperation and Development)*
curtha i dtoll a chéile – *put together*
faoi mhíbhuntáiste – *disadvantaged*
cúlraí inimirceacha – *immigrant backgrounds*
ardchumas – *high ability*
deacrachtaí foghlama – *learning difficulties*
áiseanna teicneolaíochta – *technological facilities*
taighdeoirí – *researchers*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Féach an script.

Ceist 5
A. An fhoirm threise den fhorainm réamhfhoclach.

B.

agam	*agamsa*	orm	*ormsa*
agat	*agatsa*	ort	*ortsa*
aige	*aigesean*	air	*airsean*
aici	*aicise*	uirthi	*uirthise*
againn	*againne*	orainn	*orainne*
agaibh	*agaibhse*	oraibh	*oraibhse*
acu	*acusan*	orthu	*orthusan*

C. Cleachtadh cainte atá sa cheist seo.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin an topaic a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá déagóirí na tíre i measc na ndaltaí scoile is ábalta ó thaobh na léitheoireachta go hidirnáisiúnta. Agus, iad go mór os cionn an mheáin ó thaobh mata agus na heolaíochta. Sin de réir figiúirí nua ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta.

Peadar Mac Gaoithín
Léiríonn an clár idirnáisiúnta i measúnú daltaí atá curtha i dtoll a chéile ag an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, an OECD, go bhfuil an tír seo sa tríú háit san Aontas Eorpach agus sa cheathrú háit ar an iomlán, ó thaobh cumas léitheoireachta de. Níor éirigh ach le daltaí ón Eastóin agus ón Fhionlainn san Aontas Eorpach cruthú níos fearr ná daltaí na tíre seo. Agus, i ngach catagóir beagnach, chruthaigh daoine óga na tíre seo níos fearr ná meán an OECD – déagóirí ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste agus ó chúlraí inimirceacha san áireamh.

Harold Hislop, Príomhchigire na Roinne Oideachais & Scileanna
Ní hamháin go bhfuil scóir an-ard acu, ach na mic léinn ar ardchumas, tá níos mó acu sin againne ná na tíortha eile. Agus, na mic léinn atá ar an taobh eile den liosta, a bhfuil deacrachtaí foghlama acu, tá uimhir níos lú againne de na daltaí sin ná na tíortha eile san OECD.

Moira Leydon. Ard-Rúnaí Cúnta, Cumann na Meánmhúinteoirí
Bhí na príomhoidí in Éirinn ag rá, i gcomparáid le príomhoidí sna tíortha eile - ní raibh go leor áiseanna teicneolaíochta acu. Ní raibh go leor cúnamh teicneolaíochta acu sna scoileanna agus ní raibh go leor áiseanna múinteoireachta teicneolaíochta ag gach rang sa scoil. Ciallaíonn sin go bhfuil fadhb ann go fóill.

Peadar Mac Gaoithín
Tá dea-scéala ann fosta maidir le heolaíocht agus mata. Tá cumas dhéagóirí na tíre seo go mór os cionn an mheáin sna hábhair seo, cé go ndeir taighdeoirí go bhféadfaí feabhas a chur ar na figiúirí.

Breis is 5,500 dalta as 157 meánscoil sa tír seo a ghlac páirt sa staidéar. Ghlac 327 dalta as deich gcinn de Ghaelcholáistí agus meánscoileanna Gaeltachta páirt agus astu seo ba trí Ghaeilge a roghnaigh 76 dalta an measúnú a dhéanamh. Níor tugadh figiúirí faoi cad é mar a d'éirigh le scoileanna aonaracha a deir an Roinn Oideachais.

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.